# ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN STRAITÉISEACH 2013-16
# ACHOIMRE AR NA COLÚIN STRAITÉISEACHA



*Faofa ag an mBord Rialaithe ar 19 Meán Fómhair 2013*

*Mionleasuithe cló 24 Deireadh Fómhair 2013*

Meán Fómhair 2013

## Plean Forbartha Straitéiseach

## Athbhreithniú Lárthéarma 2013-2016

### 1. Réamhrá

Ceapadh Plean Forbartha Straitéiseach GMIT "Do Ionad – Do Thodhchaí" chun an tréimhse 2010-2015 a chuimsiú. Tógadh an plean agus é bunaithe ar chúig cholún:

- Foghlaim & Teagasc
- Timpeallacht Neacha Léinn
- Taighde & Nuálaíocht
- Rannpháirtíocht Neacha Léinn-Pobail
- Idirnáisiúnú & Comhoibriú

Idir an dá linn, tharla forbairtí suntasacha san ardoideachas, ar a n-áirítear, go háirithe:

- Foilsiú na Straitéise Náisiúnta don Ardoideachas go dtí 2030 (Tuarascáil Hunt) sa bhliain 2011 agus a ghlacadh mar pholasaí rialtais.
- An próiseas a bhaineann le hathshonrú thírdhreach an ardoideachais ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) a raibh mar thoradh air
    - Gur cruthaíodh braislí réigiúnacha d'institiúidí ardoideachais (IíAO) ag an Aire Oideachais agus Scileanna i mBealtaine 2013.
    - An acmhainneacht chun institiúid nua ardoideachais a chruthú ar a dtabharfar 'Ollscoil Teicneolaíochta' (OT) agus foilsiú na gcritéir d'ainmniú OT.
- Comhshocrú a sheol an tÚAO isteach atá le bheith comhaontaithe idir gach IAO agus an tÚAO don tréimhse 2014-2016 mar chuid de phróiseas nua forbartha straitéisí idir an tÚAO agus IíAO.
- Pleananna an ÚAO go mbeidh cuid mhéadaitheach de mhaoiniú institiúide nasctha le maoiniú feidhmíochta ag gach IAO agus iad ag tacú le cuspóirí tosaíochta náisiúnta agus cuspóirí an chomhshocraithe institiúidigh á mbaint amach acu.
- Bunú an Fhóraim Náisiúnta ar Fhoghlaim agus Theagasc.
- Staid leanúnach na heacnamaíochta atá ag imirt tionchair ghéar ar bhuiséid institiúidí, chomh maith le srianta breise ar sholáthar foirne, rud a éilíonn ar an Institiúid deiseanna nua maoinithe a lorg.
- Bunú suirbhéanna náisiúnta neacha léinn agus fostóra.
- Togra an ÚAO chun atbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar disciplíní go náisiúnta agus go réigiúnach.

### 2. Plean Straitéiseach Forbartha 2013-2016

Mar thoradh ar na tosca thuas, thug an Feidhmeannas faoi athbhreithniú ardleibhéil lárthéarma ar an gcéad Phlean Forbartha Straitéiseach agus tá plean athleasaithe beartaithe don tréimhse 2013-2016 agus é le bheith ailínithe le hamfhráma an chomhshocraithe nua institiúidigh atá lena chomhaontú leis an ÚAO (a thabharfar chun críche faoi dheireadh 2013).

Ailíníonn colúin an chéad phlean 2010-2015 go maith leis an Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas agus le struchtúr an chomhshocraithe nua institiúidigh agus, ar an iomlán, leanann de chreat maith a sholáthar don dara leath den phlean (le bliain bhreise chun ailíniú a dhéanamh leis an gcomhshocrú institiúideach).

Ach éilíonn an bhéim láidir ar chomhoibriú ag IíAO chun na cuspóirí a chuirtear in iúl sa Straitéis Náisiúnta agus cruthú na braislí réigiúnacha ag an Aire Oideachais agus Scileanna colún ar leith i dtaca le "Comhoibriú & Comhghuaillíocht". Rinne an fochoiste um Chomhoibriú & Comhghuaillíochtaí de chuid an Bhord Rialaithe cíoradh ar an gcáipéis a bhaineann leis na dréachtchuspóirí agus straitéisí an cholúin seo.

Tá an neach léinn i gcroílár ghníomhaíochtaí agus forbairtí na hInstitiúide agus seasann na cuspóirí atá sa cholún do Thimpeallacht Neacha Léinn atá sa chéad phlean mar fhócas thar gach colún straitéiseach. Mar shampla, tá an obair a rinne an Bord Rialaithe le deireanas a bhaineann le soláthar saoráidí spóirt níos dírithe anois ar rannpháirtíocht idir neacha léinn agus an pobal áitiúil, mar a bheadh rannpháirtíocht shibhialta; cuirtear modhanna malartacha seachadta san áireamh laistigh den cholún Foghlaim & Teagasc trí na gníomhaíochtaí san ionad nua-chruthaithe d'Fhorbairt Oideachasúil; cuirtear gor gnó agus taighde feidhmeach san áireamh laistigh den cholún RDI; tá seirbhísí comhroinnte anois laistigh den cholún Comhoibriú & Comhghuaillíochtaí 7 rl. Tá beartaithe, dá bhrí sin, an colún seo a bhaint amach mar aonán neamhspleách sa phlean athbhreithnithe.

Ar an ábhar sin, is mar seo a leanas atá na colúin atá beartaithe do 2013-2016:

- Foghlaim & Teagasc
- Comhoibriú & Comhghuaillíochtaí
- Taighde, Forbairt & Nuálaíocht
- Rannpháirtíocht Neacha Léinn-Pobail
- Idirnáisiúnú

Déanfaidh na colúin sin agus an t-amscála athbhreithnithe an plean straitéiseach a shioncronú leis an gcomhshocrú nua institiúideach agus éascóidh sé tuairisciú in aghaidh an chomhshocraithe. Tá na príomhchuspóirí agus na straitéisí chun iad a bhaint amach nuashonraithe, faoi mar atá na táscairí feidhmíochta atá le baint amach le linn na tréimhse 2014-2016.

## 3. An Comhshocrú Institiúideach agus na Táscairí Feidhmíochta

Beidh na cuspóirí agus na straitéisí atá sa Phlean Straitéiseach 2013-2016 cuimsithe sa chomhshocrú institiúideach atá le comhaontú leis an ÚAO.

Mar chuid den phróiseas sin, comhaontóidh an tÚAO agus GMIT na príomhtháscairí feidhmíochta atá lena n-úsáid (teaglaim de tháscairí atá comhaontaithe go náisiúnta agus táscairí a bhaineann le GMIT) agus na spriocanna atá le baint amach i ngach ceann de na blianta 2014, 2015 agus 2016.

## 4. Sainiúlacht, Misean, Fís agus Luachanna GMIT

Is den tábhacht é a thabhairt faoi deara go seasann sainiúlacht, misean, fís agus luachanna GMIT mar a bhfuil tuairisc orthu sa chéad phlean, agus mar atá athráite san aighneacht ag an Institiúid don ÚAO in Iúil 2012 mar chuid den phróiseas cumraithe tírdhreacha.

### *Sainiúlacht*

Agus plean á leagan amach ag GMIT dá todhchaí i dtimpeallacht luaineach agus a tiomantas á athdhearbhú aici do shaothrú ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta, comhtháthú sóisialta agus forás réigiúnach, arbh iad sin an réasúnaíocht a bhí mar bhunús le córas nua ardoideachais a chur ar bun in Éirinn sna 1960aidí déanacha, tá na hardmhianta sin mar chroílár ag misean agus luachanna GMIT i gcónaí.

### *Misean*

Ag GMIT, déanaimid deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt trínár dteagasc agus ár dtaighde, agus trí thacú le forbairt réigiúnach atá ag teacht leis an bpolasaí náisiúnta don ardoideachas.

### *Fís*

- Is croíghníomhaíocht de chuid na hInstitiúíde í an fhoghlaim, a thugann neacha léinn, an fhoireann agus an réigiún le chéile chun eolas a chomhroinnt, a chur i bhfeidhm, a thástáil agus a chruthú;
- Leanfaidh GMIT de bheith ag forbairt mar eagraíocht réigiúnach le fócas idirnáisiúnta atá tiomanta do shaibhriú pearsanta agus gairmiúil a cuid neach léinn, do riachtanais a réigiúin, do thosaíochtaí náisiúnta agus do dheiseanna domhanda;
- Múnlóidh GMIT peirspictíochtaí agus ionchais a cuid páirtithe leasmhara agus tabharfaidh sí freagra orthu agus oibreoidh sí i gcomhar leo chun freastal ar a gcuid riachtanas;
- Beidh GMIT ina heagraíocht a bhfuil na tréithe solúbthacht, cruthaíocht, sofhreagracht agus cumas oiriúnaithe ag roinnt léi.

### *Luachanna*

Agus í ag comhlíonadh a misin, is mór leis an Institiúid:

- An t-ardoideachas i ngeall ar na buntáistí a thugann sé sin don tsochaí agus don duine aonair;
- An cothromas mar thacaíocht do chomhtháthú sóisialta;
- Ról an oideachais mar chatalaíoch don athrú;
- Bheith rannpháirteach i bhforbairt réigiúnach.

**FOGHLAIM & TEAGASC**

- BEALAÍ CHUN FOGHLAMA & TEAGAISC
- RANNPHÁIRTÍOCHT NEACHA LÉINN
- MEASÚNÚ
- TIMPLEALLACHT FOGHLAMA
- FORBAIRT FOIRNE

**COMHOIBRIÚ & COMHGHUAILLÍOCHTAÍ**

- BRAISLE RÉIGIÚNACH
- COMHGHUAILLÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA
- BRAISLÍ TÉAMACHA
- OBAIR I gCOMHAR

**FORBAIRT TAIGHDE & NUÁLAÍOCHT**

- SPEISIALÚ AGUS NEART
- SCOLÁIREACHT TAIGHDE AGUS TEAGASC
- TAIGHDE A CHUR CHUN CINN AUGUS TALANN A UASMHÉADÚ
- COMHGHUAILLÍOCHTAÍ A THÓGÁIL
- NAISC TFN LE FIONTAR

**RANNPHÁIRTÍOCHT NEACHA LÉINN-POBAIL**

- FOGHLAIM TRÍ FRANNPHÁIRTÍOCHT NÍOS LEITHNE
- CLEACHTAIS FHREAGRACHA
- ROCHTAIN AGUS RANNPHÁIORTÍOCHT
- AG OBAIR LE GNÓ AGUS LEIS AN bPOBAL

**IDIRNAISIÚNÚ**

- COMHDHLÚTHÚ COMHPHÁIRTNÉIREACHTAÍ AE
- ÉAGSÚLÚ LASMUIGH DEN EORAIP
- PUNANN CLÁIR IDIRNÁISIÚNTA AGUS SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN

Fíor 1: Na colúin athbhreithnithe ag eascairt as athbhreithniú ar "Do Ionad – Do Thodhchaí"

# FOGHLAIM & TEAGASC

| RÉIMSE CUSPÓRA A | BEALAÍ CHUN FOGHLAMA & TEAGAISC |
|---|---|
| **Ceannaireacht agus tacaíocht a chur ar fáil do bhealaí nua Foghlama & Teagaisc.** | |
| 1 | An Lárionad um Fhorbairt Oideachasúil a chur chun cinn agus tacú leis. |
| 2 | Struchtúir agus roghanna seachadta níos solúbtha a fhorbairt. |
| 3 | An gaol idir taighde agus teagasc a fhorbairt, agus deiseanna nua foghlama a chruthú do na neacha léinn. |
| 4 | Rannpháirtíocht neacha léinn a éascú le cineálacha éagsúla foghlama. |
| 5 | An tAitheantas ar Réamhfhoghlaim a chur chun cinn agus tacú leis. |

| RÉIMSE CUSPÓRA B | RANNPHÁIRTÍOCHT NEACHA LÉINN |
|---|---|
| **Éascú le rannpháirtíocht na neach léinn ina gcuid foghlama féin.** | |
| 1 | Freagracht as a gcuid foghlama féin a chur ar a súile do na neacha léinn |
| 2 | Rannpháirtíocht do 'ghuth an neacha léinn' i measúnú, teagasc, pleanáil cláir, feabhsú cáilíochta agus rialachas institiúide a chur ar fáil. |
| 3 | Polasaí coinneála agus gnóthachtála neacha léinn a cheapadh agus a chur i ngníomh do gach clár. |
| 4 | Leanúint d'Eispéaras na Chéad Bhliana a fhorbairt ar fud na hInstitiúide. |
| 5 | An teicneolaíocht a úsáid go héifeachtach ionas go mbeidh na neacha léinn rannpháirteach. |
| 6 | Tionscnaimh a fhorbairt chun neacha léinn a ullmhú don fhostaíocht. |
| 7 | Deiseanna do neacha léinn chun staidéar/oibriú thar lear a mhéadú agus a chur chun cinn agus an obair agus an staidéar sin a chreidiúnú. |

| RÉIMSE CUSPÓRA C | MEASÚNÚ |
|---|---|
| **Treoir agus tacaíocht a chur ar fáil don fhoghlaim chomh maith le measúnú ar an bhfoghlaim.** | |
| 1 | Polasaí cuimsitheach ar mheasúnú a fhorbairt a mbeidh Straitéis Measúnaithe Cláir san áireamh ann. |
| 2 | A chinntiú go gcuirfidh na neacha léinn dea-chleachtas acadúil chun cinn agus i ngníomh. |
| 3 | Modheolaíochtaí measúnaithe nuálaíocha agus malartacha a chur chun cinn. |
| 4 | A chinntiú go ndéanann an Creat Ráthaíochta Cáilíochta freastal dóthanach ar shláine na n-eilimintí measúnaithe go léir, e.g. measúnú leanúnach, ról an Scrúdaitheora Sheachtraigh. |

| RÉIMSE CUSPÓRA D | TIMPEALLACHT FOGHLAMA |
|---|---|
| **Timpeallacht foghlama a chruthú chun buntacú le foghlaim neach léinn-láraithe.** | |
| 1 | Dóthain acmhainní agus cothabhála a sholáthar don mór-bhuneagar foghlama, a gcuimsítear ann inter alia: saoráidí leabharlainne, an lárionad TF, ionaid teagaisc, saotharlanna agus fáil ar ríomhaireacht. |
| 2 | Lárionad Tacaíochta Mata a bhunú. |
| 3 | Feabhas a chur ar an rochtain ar an bhfoghlaim, ar an tacaíocht agus ar acmhainní faisnéisé trí theicneolaíochtaí nua a úsáid. |
| 4 | Raon agus scóip na Seirbhísí Tacaíochta Neacha Léinn a fhorbairt chun freastal ar riachtanais chuallacht éagsúil na neach léinn. |

| RÉIMSE CUSPÓRA E | FORBAIRT FOIRNE |
|---|---|
| **A chinntiú go dtugtar tacaíocht éifeachtach don Fhoireann agus a gcion don fhoghlaim agus don teagasc á thabhairt acu.** | |
| 1 | Tacú le baill foirne chun cáilíochtaí iarchéime ábhartha a bhaint amach. |
| 2 | Oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le bealaí nua teagaisc a chuireann leis an rannphháirtíocht sa seomra ranga. |
| 3 | Deiseanna méadaithe a chur chun cinn le haghaidh malartuithe teagaisc foirne le hinstitiúidí comhpháirtíochta. |
| 4 | Cláir fhorbartha chomhoibriocha foirne a chur chun cinn le comhpháirtithe IíAO sa bhraisle. |

# COMHOIBRIÚ & COMHGHUAILLÍOCHTAÍ

| RÉIMSE CUSPÓRA F | BRAISLE RÉIGIÚNACH |
|---|---|
| **Braisle réigiúnach de IíAO a bhunú agus a chothú a chomhoibríonn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an réigiúin.** | |
| 1 | Braisle Réigiúnach de Mheamraim Thuisceana a bhunú idir IíAO sa réigiún a chuireann struchtúir rialachais agus bainistíochta ar fáil. |
| 2 | Plean do Bhraisle Réigiúnach rollach 3-bliana a fhorbairt de sholáthar comhordaithe a thugann aghaidh ar riachtanais an réigiúin. |
| 3 | Maoiniú don Nuálaíocht & don Fhorbairt Straitéiseach a fháil ón ÚAO chun Braisle Réigiúnach a fheidhmiú. |
| 4 | Straitéis cumarsáide inmheánaí a cheapadh a chuireann pleananna agus tionchar folaigh na Braisle Réigiúnaí ar an Institiúid in iúl don fhoireann. |
| 5 | Straitéis sheachtrach cumarsáide a cheapadh do Phlean na Braisle Réigiúnaí i gcomhar le comhpháirtithe. |

| RÉIMSE CUSPÓRA G | COMHGHUAILLÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA |
|---|---|
| **Chomhgfhuaillíochtaí reatha agus chomhghuaillíochtaí sa todhchaí a bhunú agus a chothú a chumasaíonn GMIT chun tionchar níos treise a imirt ar an réigiún.** | |
| 1 | Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar phlean rollach cur i ngníomh do gach Comhghuaillíocht Straitéiseach. |
| 2 | Maoiniú don Nuálaíocht & don Forbairt Straitéiseach a fháil ón ÚAO chun Braisle Réigiúnach a fheidhmiú. |
| 3 | Straitéis cumarsáide inmheánaí a cheapadh agus a chur i ngníomh a chuireann an fhoireann ar an eolas agus ar a socracht maidir le pleananna na Comhghuaillíochta Straitéisí agus an tionchar ar an Institiúid. |
| 4 | Straitéis sheachtrach cumarsáide a cheapadh don Chomhghuaillíocht Straitéiseach. |
| 5 | Meamraim Thuisceana a bhaint amach le IíAO breise agus le heagraíochtaí eile. |
| 6 | Sraith de Mheamraim Thuisceana a bhunú le hearnáil an Oideachais Bhreise a chuireann chun cinn agus a éascaíonn rochtain, dul chun cinn agus aistriú. |

| RÉIMSE CUSPÓRA H | BRAISLÍ TÉAMACHA |
|---|---|
| **Braislí inbhuanaithe téamacha a fhorbairt a chuireann le láidreachtaí roghnaithe na hInstitiúide agus freastal á dhéanamh aici ar riachtanais réigiúnacha agus náisiúnta.** | |
| 1 | Poitéinsiúil a shainaithint do ghrúpaí braisle nua le comhpháirtithe iomchuí agus páirtithe leasmhara seachtracha. |
| 2 | Síolchistiú a aimsiú agus a shannadh do bhraislí más gá. |
| 3 | Feidhmíochtaí braisle a athbhreithniú ar mhaithe le hinbhuanaitheacht. |

| RÉIMSE CUSPÓRA I | OBAIR I gCOMHAR |
|---|---|
| **Bealaí éifeachtacha a shainaithint agus a chur chun cinn le comhoibriú le hIíAO agus le heagraíochtaí eile sa réigiún.** | |
| 1 | Príomhréimsí ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a shainaithint inar féidir le gníomhaíochtaí i gcomhar cur le feidhmíocht, agus tionchar agus cáil GMIT a mhéadú. |
| 2 | Infheictheacht níos airde a thabhairt do thionscadail chomhoibríocha rathúla chun cur le cáil na hInstitiúide agus chun comhoibriú a chur chun cinn tuilleadh, agus torthaí thionscadal comhoibríoch a scaipeadh ar an bhfoireann go léir. |
| 3 | Forbairt foirne a chur ar fáil chun oibriú i gcomhar a chur chun cinn, agus sraith straitéisí fíorúla do gach ball foirne atá gafa le tionscadail chomhoibríocha. |

# TAIGHDE, FORBAIRT & NUÁLAÍOCHT

| RÉIMSE CUSPÓRA J | SPEISIALÚ AGUS NEART |
|---|---|
| **Réimsí láidre taighde, idirdhealaithe agus speisialaithe GMIT a athdhearbhú agus réimsí féideartha atá ag teacht chun cinn a shainaithint.** | |
| 1 | Leanúint de thacú le príomhréimsí taighde (PRíT) agus pleanáil dá bhforás inbhuanaithe, bunaithe ar chritéir atá leagtha síos ag an Institiúid. |
| 2 | Meicníocht a fhorbairt chun tuilleadh PRíT a shainaithint. |
| 3 | Tosaíocht a thabhairt do thacaíocht agus do mhaoiniú na hInstitiúide do PRíT a mbeidh tionchar réigiúnach agus/nó tábhacht náisiúnta ag baint leo. |
| 4 | Mionsamhail an PRíT á úsáid le cur le cumas taighde ar féidir leis bunús a chur ar fáil chun tuilleadh maoinithe a mhealladh. |
| 5 | An ceathrú réimse disciplín neamhghaolmhar a shainaithint chun freastal ar riachtanais an réigiúin agus chun tógáil ar shaineolas na hInstitiúide. |
| 6 | Faomhadh a chinntiú d'fheidhmiú ag Leibhéal 10 le haghaidh príomhréimsí taighde tosaíochta, i gcomhar le soláthróirí eile de réir mar is iomchuí. |
| 7 | Glacadh le cláir struchtúrtha Máistir agus PhD i socrú comhoibríoch le NUIG agus IíAO eile. |

| RÉIMSE CUSPÓRA K | SCOLÁIREACHT AGUS OILIÚINT |
|---|---|
| **Gníomhaíochtaí taighde a ailíniú go dlúth le straitéis foghlama d'fhonn taighde oideolaíoch a fhorbairt agus feabhas a chur ar fhoghlaim agus ar eispéaras an neacha léinn.** | |
| 1 | Taighde a chothú mar phríomhghníomhaíocht i measc na foirne agus an fhoireann a spreagadh chun forbairt ghairmiúil a dhéanamh trí thaighde. |
| 2 | Cuimsitheacht a chinntiú i ngníomhaíochtaí nach mbreathnófaí orthu b'fhéidir go traidisiúnta mar thaighde. |
| 3 | An Lárionad um Fhorbairt Oideachasúil a fhorbairt. |
| 4 | A chinntiú go mbeidh deis ag neacha léinn taithí a fháil ar an modheolaíocht agus ar phróiseas an taighde mar chuid dá gclár. |
| 5 | Sainréimsí a aithint lasmuigh de na Príomhréimsí Tosaíochta Taighe le haghaidh tacaíochta institiúidí. |

| RÉIMSE CUSPÓRA L | TAIGHDE A CHUR CHUN CINN AGUS TALANN A UASMHÉADÚ |
|---|---|
| **Struchtúir agus polasaithe a fhorbairt go leanúnach a spreagann lucht foirne agus neacha léinn le bheith gníomhach i dtaighde agus atá ag teacht le maoiniú taighde.** | |
| 1 | Bainistíocht na straitéise taighde TFN a athstruchtúrú agus tacú le taighdeoirí. |
| 2 | Ról an taighdeora ar conradh a fhorbairt laistigh den Institiúid. |
| 3 | Mionsamhlacha scoile iarchéime a iniúchadh agus a n-infheidhmitheacht do GMIT a mheasúnú. |
| 4 | Scéimeanna scoláireachta iarchéime na hInstitiúide a iniúchadh chun gníomhaíocht iarchéime a choinneáil agus leas a bhaint as deiseanna seachtracha maoinithe. |
| 5 | Scéimeanna taca agus emeritus a thabhairt isteach le cur leis an saineolas taighde atá ar fáil don Institiúid. |
| 6 | Oiliúint taighde iomchuí a chur ar fáil don fhoireann agus do na neacha léinn ar bhonn comhoibríoch le hIÍAO eile chun caighdeáin cháilíochta a chinntiú. |

| RÉIMSE CUSPÓRA M | COMHGHUAILLÍÓCHTAÍ TFN A THÓGÁIL |
|---|---|
| **Líonra de chomhghuaillíochtaí straitéiseacha a thógáil ionas gur féidir le GMIT ceannaireacht agus comhlántacht a thairiscint i bhforbairt an réigiúin.** | |
| 1 | Buanna taighde as lasmuigh den Institiúid a úsáid go hiomlán chun acmhainn agus cumas taighde a chur chun cinn trí cheapacháin taca, mar shampla. |
| 2 | Oibriú le hearnáil na nIÍT chun taighde na nIÍT a chur chun cinn i gcomhthéacs braislí réigiúnacha agus disciplíneacha. |
| 3 | Scoileanna Iarchéime agus aonáin chomhoibríocha eile a shainaithint agus a bheith rannpháirteach iontu de réir mar a fhaomhann an Institiúid. |
| 4 | Leanúint de bheith ag obair i gcomhar le NUIG mar chuid de chomhfhorbairt straitéiseach an dá institiúid thar raon de ghníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta. |
| 5 | Nascálacha straitéiseacha trasnáisiúnta a fhorbairt le gorlanna agus seirbhísí le cur lena bhfuil á thairiscint ag GMIT do chliaint ionchasacha. |
| 6 | Nascálacha straitéiseacha le hIÍAO eile a úsáid chun lárionaid taighde, lárionaid nuálaíochta, cláir iarchéime agus cláir nuálaíochta a choinneáil agus a neartú. |

| RÉIMSE CUSPÓRA N | TFN AGUS FIONTAR |
|---|---|
| **Taighde atá á spreagadh ag riachtanais chúrsaí fiontair agus in iomchuibheas lena gcuid riachtanas a chomhdhlúthú agus a chur chun cinn.** | |
| 1 | Nascálacha reatha a thagarmharcáil le hinstitiúidí comhchosúla eile mar bhunús le plean feabhsúcháin. |
| 2 | Feasacht ar mhaoin intleachtúil, polasaí agus bainistíocht a fhorbairt. |
| 3 | Naisc le cuideachtaí sna Lárionaid Nualaíochta i nGnó agus leas a bhaint as a láithreacht chun taighde atá fiontar-threoraithe a chur chun cinn. |
| 4 | A chinntiú go mbeidh gaol ag an taighde le fiontar chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na Fiontraíochta. |
| 5 | Dreasachtaí agus meicníochtaí a fhorbairt do na baill foirne atá gafa le taighde a bhfuil gaol aige le tionscal, mar shampla, trí dhearbháin, chomhpháirtíochtaí agus Forbairt IP. |
| 6 | An teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn nó forbairtí ó chliant- chuideachtaí a ghiaráil chun cuidiú le disciplíní ábhartha i bhforbairt cláir. |

# RANNPHÁIRTÍOCHT NEACHA LÉINN-POBAIL

| RÉIMSE CUSPÓRA O | AG FOGHLAIM TRÍ RANNPHÁIRTÍOCHT NÍOS LEITHNE |
|---|---|
| **Cur ar chumas na neach léinn a gcuid acmhainní a fhorbairt trí rannpháirtíocht níos leithne.** | |
| 1 | Polasaí feadh an choláiste a fhorbairt trí chleachtadh/obair/shocrúchán gairmiúil. |
| 2 | Tionscadail na bliana deiridh a fhorbairt a bheidh bainteach le fadhbanna/dúshláin arna bhfoinsiú ó lucht gnó agus ó phobail níos leithne. |
| 3 | Modúil ar rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn agus a éascú. |
| 4 | Fiontar agus fiontraíocht a leabú i ndearadh cláir. |

| RÉIMSE CUSPÓRA P | CLEACHTAIS FHREAGRACHA |
|---|---|
| **Cuidiú le dea-bhail shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta na bpobal a ndéanann an Institiúid freastal orthu.** | |
| 1 | An fhoireann a spreagadh chun tabhairt faoi thionscadail a fheabhsaíonn an pobal. |
| 2 | Polasaithe agus cleachtais eiticiúla a fhorbairt agus a chur chun cinn. |
| 3 | Cleachtais atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chleachtadh. |
| 4 | Dea-chaidreamh a chur chun cinn le pobail áitiúla i ngach campas. |

| RÉIMSE CUSPÓRA Q | ROCHTAIN AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT |
|---|---|
| **Na spriocanna náisiúnta le haghaidh rannpháirtíochta in ardoideachas a bhaint amach agus tagairt ar leith d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus do na cohóirt faoi ghannionadaíocht.** | |
| 1 | Tacaí agus tionscnaimh athiontrála a chur ar fáil a mbeidh mar thoradh orthu méadú ar líon na neach léinn atá ag iontráil trí *Access*. |
| 2 | Raon bealaí malartacha a chur ar fáil chun éascú le gach neach léinn rochtain ar GMIT. |
| 3 | Forbróidh GMIT an tseirbhís *Access* go hinmheánach chun seirbhísí iariontrála agus tacaí do gach neach léinn a fheabhsú. |
| 4 | Polasaí *Access* ar fud na hInstitiúide a chur i ngníomh d'fhonn scothchleachtais a bheith ar fáil do chuallacht iomlán na neach léinn. |

| RÉIMSE CUSPÓRA R | AG OBAIR I gCOMHAR LE GNÓ AGUS LEIS AN bPOBAL |
|---|---|
| **Obair i gcomhar le gnó agus le pobail d'fhonn cáil GMIT agus a ról sa cheantar a fheabhsú.** | |
| 1 | Mionsamhlacha éifeachtacha a fhorbairt do thionscal agus rannpháirtíocht pobail trí dhearadh agus sheachadadh cúrsa. |
| 2 | Rannpháirtíocht neacha léinn agus foirne a chur chun cinn le heagraíochtaí pobail agus gnó leathan-bhunaithe. |
| 3 | Oibriú i gcomhar le pobail chun saoráidí GMIT a chur chun cinn agus a úsáid. |
| 4 | Rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara a chur chun cinn agus a fheabhsú. |

# IDIRNÁISIÚNÚ

| RÉIMSE CUSPÓRA S | COMHDHLÚTHÚ AGUS COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AE |
|---|---|
| **Naisc le hinstitiúidí Eorpacha a chomhdhlúthú agus a neartú d'fhonn malartuithe foirne agus neacha léinn a chur chun cinn.** | |
| 1 | Ár n-aird a dhíriú le linn na dtrí bliana seo chugainn ar líon níos lú institiúidí atá tacúil go straitéiseach. |
| 2 | Aonaid acadúla laistigh den Institiúid a spreagadh agus a éascú chun baill foirne agus/nó neacha léinn a chur thar sáile. |
| 3 | Ár gcuid clár a bheith níos dírithe go hidirnáisiúnta. |

| RÉIMSE CUSPÓRA T | ÉAGSÚLÚ LASMUIGH DEN EORAIP |
|---|---|
| **Bonn ioncaim idirnáisiúnta a mhéadú agus a éagsúlú tuilleadh.** | |
| 1 | Naisc a fhorbairt le líon beag de na príomhpháirtnéirí i margaí roghnaithe neamh-AE atá in ann líon inmharthana neach léinn a sheachadadh go comhsheasmhach. |
| 2 | Obair i gcomhar le comhpháirtithe IíAO eile, áisínteachtaí stáit agus IíT chun deiseanna do neacha léinn neamh-AE a fhorbairt agus a chur chun cinn. |
| 3 | Caidreamh a fhorbairt le soláthróirí oiliúna Béarla chun neacha léinn isteach a ullmhú do chláir GMIT. |
| 4 | Iarracht a dhéanamh láithreacht GMIT a mhéadú i dtíortha neamh-AE trí chláir agus/nó bainistíocht institiúidí a sholáthar. |

| RÉIMSE CUSPÓRA U | PUNANN CLÁIR IDIRNÁISIÚNTA AGUS SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN |
|---|---|
| **An punann clár idirnáisiúnta a fheabhsú agus seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil.** | |
| 1 | A chinntiú go gcomhlíonann GMIT na critéir is gá do chreidiúnú le haghaidh an Mharc Idirnáisiúnta Cáilíochta san Oideachas. |
| 2 | Ár bpunann idirnáisiúnta acadúil a shainaithint agus a shaincheapadh le haghaidh earcaíochta idirnáisiúnta neach léinn. |
| 3 | Cláir oiliúna atá dírithe go hidirnáisiúnta agus atá mothálach go cultúrtha a chur ar fáil do bhaill foirne laistigh den Institiúid. |
| 4 | An caighdeán is airde seirbhíse is féidir a sheachadadh dár neacha léinn isteach. |
| 5 | Tacaíocht iomchuí a chur ar fáil dár bpáirtnéirí trí shaineolas ábharthaagus inrochtana. |
| 6 | Caidreamh a fhorbairt le gníomhairí idirnáisiúnta earcaíochta, institiúidí ardoideachais thar lear, comhlachtaí rialtais agus gníomhaireachtaí rialála a mbaineann na tréithe is airde bailíochtú leo, monatóireacht agus athbhreithnithe bliantúla. |